

Deimhniú ar Cháin Ioncaim Asbhainte



Ba chóir an duine atá ag déanamh íocaíochta faoi asbhaint cánach an deimhniú seo a chomhlánú. Nuair a bheidh sé comhlánaithe, ba chóir é a thabhairt don duine atá ag fáil na híocaíochta le go mbeidh siad in ann é a thíolacadh dá n-oifig Cánach.

Mionsonraí an Íocóra (an duine atá ag déanamh na híocaíochta)

Ainm an Íocóra

Seoladh (Eircode san áireamh)

UPSP

Fón

Mionsonraí an Íocaí (an duine atá ag fáil na híocaíochta)

Ainm an Íocaí

Seoladh

UPSP (más eol)

Fón

Mionsonraí an Gníomhais / an Chomhaontaithe

An Cineál Gníomhais nó Comhaontaithe: (Cur tic le ✓ de réir mar is cuí)

Gníomhas Cúnaint Íocaíocht Bhliantúil* Comhaontú Cíosa Eile

Má chuir tú tic le 'Eile', tabhair sonraí

*mar shampla ús bliantúil amhail ús íochta faoin Acht um Íoc Pras Cuntas 1997, gníomhas blianachta.

Dáta a dréachtaíodh an Gníomhas nó an Comhaontú

Sonraí Íocaíochta

Suim Chomhlán	Cáin Asbhainte**	Glan-Íocaíocht	Tréimhse clúdaithe ag an Íocaíocht nó Dátaí a rinneadh na híocaíochtaí
€	€	€	

**Ba chóir cáin a asbhaint ag an ráta caighdeánach cánach ioncaim. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.revenue.ie.

Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil na sonraí thuas fíor i ngach gné.

Dearbhaím freisin go bhfuil an tsuim cánach ioncaim a thaispeántar asbhainte agam agus gur thug nó go dtabharfaidh mé cuntas ar an méid seo do na Coimisinéirí Ioncaim.

Síniú Dáta

Cáil an tsínitheora (má tá tú ag síniú le haghaidh cuideachta, iontaobhas, comhpháirtíocht, srl)

Úsáid oifigiúil amháin

NÓTAÍ

Teorainn ama 4 bliana

Ní mór éileamh ar fhaoiseamh ó cháin a dhéanamh taobh istigh de 4 bliana ó dheireadh na bliana cánach lena mbaineann an t-éileamh.

Cíosanna inioctha le Tiarnaí Talún a bhfuil cónaí orthu taobh amuigh den Stát

Má tá do thiarna talún ag cónaí taobh amuigh den Stát agus má íocann tú an cíos go díreach leis nó léi nó isteach ina gcuntas bainc, sa Stát nó thar lear,

- ní mór duit cáin ar an ráta cánach caighdeánach (20% faoi láthair) a asbhaint as an gcíos comhlán atá inioctha agus é a íoc le hOifig Ard-Bhailitheora na gCoimisinéirí Ioncaim in éineacht le [cóip](#) den Fhoirm R185 chomhlánaithe seo, agus
- tabhair an Fhoirm bhunaidh R185 do do thiarna talún.

Tabhair do d'aire: Ón 1 Iúil 2023, tá córas nua ar líne don Cháin Shiarchoinneálach ar Thiarnaí Talún Neamhchónaitheacha (NLWT) i bhfeidhm. Déanfaidh gníomhairí bailiúcháin nó tionóntaí Fógraí Cíos nuair a íoctar cíos le tiarnaí talún neamhchónaitheacha in ROS nó **mochúrsaí**.

Inrochtaineacht

Más duine le míchumas thú agus má theastaíonn an bhileog seo uait i bhformáid eile, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Rochtana sna Coimisinéirí Ioncaim ag accessofficer@revenue.ie

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí pearsanta áirithe chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla eile mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do chuid sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna eile Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile i gcúinsí áirithe nuair atá foráil dó seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi pholasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar an leathanach **Príobháideacht** ar www.revenue.ie ar a bhfuil sonraí faoin gcaoi a mbainfidh muid úsáid as do chearta mar dhuine is ábhar do shonraí. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.